Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Gnáthleibhéal

## SCÉIM MHARCÁLA

### 280/320 marks

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Freagair **deich gceist** ar bith díobh.
Tá **6 mharc** ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Freagair **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile díobh**.
Tá **80 marc** ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50 marc** an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach, ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80 marc** an ceann ag gabháil leis na hábhair **roghnacha 1** agus **3.**
Tá **40 marc** ag gabháil le hábhar **roghnach 2**.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*

- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*

- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## Roinn A

Freagair **deich** gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Tá iarann riachtanach le haemaglóibin a dhéanamh san fhuil. | ✓ | |
| Tarlaíonn anéime de bharr easpa iarainn sa réim bia. | ✓ | |
| Má bhíonn a lán snáithín sa réim bia, cuidíonn sé sin le hiarann a ionsú. | | ✓ |

**2.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi vitimíní a chríochnú. (6)

***vitimín B*** ***aigéad fólach*** ***vitimín K***

Is é an phríomhaidhm atá ag ***vitimín K*** ná cuidiú le fuiltéachtadh.

Tá ***Vitimín B*** riachtanach le fuinneamh a scaoileadh as carbaihiodráit agus as saill.

Is féidir cosc a chur ar fhabhtanna néarfheadáin sa leanbh sa bhroinn má ghlacann mná atá ag iompar clainne ***aigéad fólach***.

**3.** Tabhair brea-chuntas ar **dhá shlí** ina mbíonn tionchar ag cúrsaí airgeadais (airgead atá ar fáil) ar roghanna bia i measc thomhaltóirí na hÉireann. (6)

**(i)** *is féidir le tomhaltóirí a bhfuil níos mó airgid ar fáil dóibh bia costasach a cheannach go minic; itheann siad lasmuigh den bhaile i mbialanna go minic; taistealaíonn siad thar lear agus itheann siad bia difriúil;*

**(ii)** *d'fhéadfadh sé go roghnódh tomhaltóirí a bhfuil níos lú airgid ar fáil dóibh bia atá níos saoire; ceannaíonn siad níos lú táirgí só; d'fhéadfadh sé go mbeadh bia ar a ndéantar an-chuid próiseála níos éifeachtaí ó thaobh costais de; ní mór plean a dhéanamh don tsiopadóireacht bia, siopadóireacht thíosach a dhéanamh i gcomhréir leis an airgead atá acu; etc.*

**4.** Déan **gach** ceann de na foinsí lipidí (saillte) sa liosta thíos a mheaitseáil leis an mbia ceart. (6)

***ainmhí*** ***muirí*** ***glasra*** **(*planda*)**

| Bia | Foinse Lipidí |
|---|---|
| Bradán | ***muirí*** |
| Ola Olóige | ***glasra*** **(*planda*)** |
| Im | ***ainmhí*** |

**5.** Luaigh **trí** fhadhb sláinte a tharlaíonn de bharr a lán siúcra a bheith i réim bia. (6)

**(i)** *meath na bhfiacla; otracht/meáchan a chur suas;*

**(ii)** *hipirghníomhaíocht; tinnis cinn;*

**(iii)** *diaibéiteas; galar croí; ardbhrú fola; etc.*

**6.** Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht le **gach** ceann díobh seo a leanas chun bia a ullmhú agus a chócaráil go sábháilte: (6)

***Bia a stóráil:*** *stóráil bia amh agus bia cócaráilte in áiteanna éagsúla sa chuisneoir chun traséilliú miocróbach a chosc; stóráil bia somheata faoi bhun 5°C chun fás baictéar a mhoilliú; stóráil bia reoite faoi bhun -18°C; stóráil bia i soithí nach féidir le míolra dul isteach iontu; stóráil bia tirim i gcófra fionnuar tirim aeráilte; tóg glasraí agus torthaí as an gclúdach plaisteach le nach bhfásfaidh múscáin orthu; nuair a ullmhaítear bia somheata, tóg ón gcuisneoir iad dá laghad am agus is féidir chun an baol maidir le nimhiú bia a sheachaint; lean na treoracha ar lipéid bhia; seiceáil an 'dáta ar fearr roimhe'/an 'dáta b'fhearr roimh'; clúdaigh bia nuair a stóráiltear sa chuisneoir é le nach dtriomóidh sé/chun traséilliú a sheachaint/chun aistriú bolaidh a sheachaint; etc.*

***Sláinteachas pearsanta:*** *nigh lámha sula láimhseáiltear bia mar go bhféadfadh sé go mbeadh baictéir nimhithe bia ar na lámha; d'fhéadfadh sé go n-éilleofaí bia dá ndéanfaí casacht nó sraoth in aice leis; ní mór go mbeadh éadaí, naprúin glan; ní mór gearrthacha a chlúdach le plástar ar a bhfuil dath geal le nach gcuirfear ionfhabhtuithe sa bhia; cinntigh go bhfuil ingne glan; bain seodra; níor cheart d'aon duine ar a bhfuil ráig bhuinní ná urlacain bia a ullmhú ná a chócaráil; etc.*

***Modhanna atéimh****: ní mór bia a théamh go teocht ard go leor le go scriosfar baictéir nó d'fhéadfaí nimhiú bia a chur ar dhuine; ní mór bia a théamh go teocht 100°C ar feadh cúig nóiméad ar a laghad chun baictéir a scriosadh; ní mór bia ardriosca amhail stobhach agus súlach a théamh go 100°C; ba cheart bia a atéamh go tapa agus go hiomlán; ná hatéigh bia ach aon uair amháin; má dhéantar bia a atéamh sa mhicreathonnán, úsáid an socrú cumhachta is airde; etc.*

**7.** Cuir in iúl le tic **(✓)** cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas. (6)

| | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Baintear úsáid as siúcra mar leasaitheach nuair a dhéantar subh. | ✓ | |
| Déantar criostail mhóra oighir laistigh den chill bia mar thoradh ar an mear-reo. | | ✓ |
| Is é an chaoi a ndéantar seatnaí ná torthaí agus / nó glasraí a bheiriú le siúcra, fínéagar agus spíosraí. | ✓ | |

**8.** Bain úsáid as na focail ar an liosta thíos chun na ráitis seo a leanas faoi lotamas bia agus faoi tháirgeadh bia a chríochnú. (6)

***baictéir*** ***giosta*** ***einsímí***

Baintear úsáid as ***baictéir*** nuair a bhíonn cáis agus iógart á dtáirgeadh.

***Einsímí/giosta*** is cúis le lotamas bia i dtorthaí agus i nglasraí.

Is é an gníomhaí ardúcháin bitheolaíoch a úsáidtear le harán a dhéanamh ná

***giosta***.

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chéim ba chóir a leanúint nuair a bhíonn buiséad teaghlaigh á phleanáil agat. (6)

**(i)** *déan meastachán ar an ioncam rialta iomlán, tuarastail, pá, liúntas leanaí, pinsin, sochair/liúntais leasa shóisialaigh etc.; socraigh go ndéanfar buiséadú ar bhonn seachtainiúil/míosúil/bliantúil;*

**(ii)** *aithin réimsí caiteachais; miondealaigh na billí ar fad; leithdháil céatadán den ioncam ar gach costas; déan liosta den chaiteachas pleanáilte;*

**(iii)** *cuir coigilteas san áireamh; féach ar bhillí na bliana seo caite; cuir airgead d'ócáidí speisialta, an Nollaig, laethanta saoire san áireamh; sábháil/coinnigh admhálacha; etc.*

**10.** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le hearraí a cheannach ar cairde. (6)

***Buntáiste:*** *ní gá airgead a chur i dtaisce d'earraí; is féidir na hearraí a úsáid sula n-íoctar astu; is féidir rudaí móra costasacha a cheannach e.g. tithe agus carranna; níos sábháilte ná méid mór airgead tirim aiompar; creidmheas saor in aisce ar feadh tréimhse áirithe ama; is féidir é a úsáid don tsiopadóireacht ar líne; rátáil mhaith chreidmheasa a thuilleamh; etc.*


***Míbhuntáiste:*** *níos costasaí; d'fhéadfadh sé go mbeadh an ráta úis ard; d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le fiachas; d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le tobcheannach; d'fhéadfadh sé go ndéanfaí earraí a athshealbhú má cheannaítear ar fhruilcheannach iad; bíonn dleacht stampála bhliantúil €30 le híoc ar chártaí creidmheasa leis an rialtas; etc.*

Ainmnigh **dhá** chineál creidmheasa a bhíonn ar fáil do thomhaltóirí agus carr á cheannach acu.


**(i)** *iasacht phearsanta; iasacht théarmach ón mbanc/cumann foirgníochta/comhar creidmheasa;*

**(ii)** *iasachtóirí airgid ceadúnaithe; cártaí creidmheasa; fruilcheannach; rótharraingt; Maoiniú de réir Plean Conartha Phearsanta* (*PCP*)*; etc.*

**11.** Mínigh **gach** ceann de na siombailí cúram teicstíle a thaispeántar thíos. (6)



*Iarann te*



*Siltriomaigh*

**12.** Luaigh **trí** shlí inar chuir an teicneolaíocht leis an éifeachtúlacht sa teach sa bhaile. (6)

**(i)** *uaineadóirí - billí breosla níos ísle; téamh criosaithe ar mhaith le compord; glantóir gaile - sláinteachas; Skype - cumarsáid níos fearr; fóin phóca - billí a íoc;*

**(ii)** *fearais leictreacha - caitear níos lú ama ar thascanna, laghdaítear an t-ualach oibre sa bhaile, níos mó am saor;*

**(iii)** *ríomhairí - is féidir oibriú ón mbaile; córais aláraim - slándáil níos fearr sa bhaile; aipeanna nasctha leis an bhfón póca chun an córas teasa, cócaireán, cuisneoirí cliste; etc.*

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá cheist** ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**1.** Tá próitéin chothaithe ar na cothaithigh riachtanacha nach mór dúinn a ithe gach lá.

Sa tábla thíos, taispeántar na comhábhair agus an t-eolas cothaitheach (per 100 g), a bhaineann le Lasáinne Mhairteola réamhullmhaithe.

| **Lasáinne Mhairteola Réamhullmhaithe** | | |
|---|---|---|
| **Comhábhair** | **Eolas Cothaitheach (per 100 g)** | |
| Trátaí mionghearrtha, mairteoil mhionaithe, leatháin lasáinne, bainne, cáis, im, purée trátaí, uisce, oinniún, cairéad, gairleog, soilire, siúcra, ola olóige, salann, piobar, stoc mairteola, basal. | Fuinneamh | 121 kcal |
| | Próitéin | 6.8 g |
| | Saillte | 5.1 g |
| | Carbaihiodráití | 12.6 g |
| | ar siúcraí díobh | 3.1 g |
| | Snáithín | 1.0 g |
| | Salann | 0.5 g |

**(a)** **(i)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas sa tábla thuas agus na treoirlínte reatha don itheachán sláintiúil á gcur san áireamh agat, déan meastóireacht ar luach cothaitheach na lasáinne mairteola réamhullmhaithe. (20)

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Saillte do theas/fuinneamh; carbaihiodráití do theas/fuinneamh; d'fhéadfadh sé go mbeadh an siúcra ina chúis le hotracht, meath na bhfiacla; snáithín chun iatacht a sheachaint; próitéin chun cealla an choirp a fhás agus a dheisiú; is béile cothrom é mar go bhfuil 3 as 4 ghrúpa bia ann; d'fhéadfadh sé go mbeadh an salann ina chúis le hardbhrú fola; níl ach beagán glasraí ann; d'fhéadfadh sé go méadódh an tsaill atá ann colaistéaról; níl ach beagán snáithín ann; tá saill sháithithe sa mhairteoil mhionaithe; níl aon bhreiseáin shaorga ann; etc.*

**(ii)** Mol rud **amháin** a ghabhfadh leis an lasáinne mhairteola. Tabhair cúis le do rogha. (5)

**Tionlacan:** ***2 mharc,*** **Cúis:** ***3 mharc***

*Sailéad glas chun vitimíní/mianraí breise a fháil; glasraí glasa galaithe chun iarann/cailciam a fháil; práta bácáilte chun carbaihiodráití/snáithín breise a fháil; arán gairleoige chun carbaihiodráití breise a fháil; sú oráiste chun vitimín C a fháil; bainne chun cailciam/vitimín D a fháil; éagsúlacht; dath; uigeacht; etc.*

**(b)** Tabhair cuntas ar phróitéin faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- aicmiú (8)

***2 aicmiú @ 4 mharc an ceann***

*Próitéin ar ardluach bitheolaíoch/próitéin ainmhí; próitéin ar íseal-luach/próitéin glasra/phlanda;*
*próitéiní simplí; próitéiní chomhchuingeacha; etc.*

- foinsí sa réim bia (12)

***3 fhoinse @ 4 mharc an ceann***

*Próitéin ainmhí: feoil; iasc; bainne; táirgí bainne - cáis, iógart; uibheacha; etc.*
*Próitéin phlanda: pónairí soighe; gránaigh; cnónna; lintilí; síolta; pónairí; piseanna; etc.*

- feidhmeanna sa chorp (6)

***2 fheidhm @ 3 mharc an ceann***

*Fás; cealla an choirp a dheisiú; cealla nua a dhéanamh; cabhraíonn said le matán, le craiceann agus le cillscannáin a dhéanamh; hormóin; antasubstaint; einsímí a dhéanamh; plasma fola a dhéanamh; foinse fuinnimh; etc.*

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí a dtéann an teas i bhfeidhm ar bhianna próitéine. (9)

***3 thionchar @ 3 mharc an ceann***

*Téachtar próitéin; athraíonn an dath; tarlaíonn dínádúrúchán; éiríonn sé níos éasca í a dhíleá; iompaíonn an fíochán tacaíochta ina gheilitín i dteas tais; maothaítear an fheoil agus is éasca í a chogaint; feabhsaítear an blas; scriostar miocrorgánaigh; etc.*

**(d)** Tá siopadóireacht bia ar líne tar éis éirí an-choitianta.

Pléigh **dhá** bhuntáiste **agus dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith ag siopadóireacht ar líne le haghaidh earraí grósaera (earraí bia). (20)

***4 phointe @ 5 mharc an ceann***
***(2 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann agus 2 mhíbhuntáiste @ 5 mharc an ceann)***

***Buntáistí:*** *ní gá an baile a fhágáil agus cuairt a thabhairt ar shiopaí; seachnaítear táillí páirceála; níos áisiúla; ní gá dul isteach i scuaine chun íoc as earraí; is féidir comparáid a dhéanamh idir na praghsanna; seachnaítear sluaite; réimse leathan de shuíomhanna gréasáin ann; d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ní ba shaoire; níl aon uaireanta oscailte i bhfeidhm, is féidir earraí a cheannach ag am ar bith; is féidir taighde a dhéanamh ar tháirgí difriúla i d'am féin; feiliúnach dóibh siúd ag a bhfuil deacrachtaí gluaiseachta; etc.*

***Míbhuntáistí****: riosca a bhaineann le calaois cártaí creidmheasa; slándáil suíomhanna áirithe gréasáin; tobcheannach; d'fhéadfaí an iomarca a chaitheamh; d'fhéadfadh sé nach mbeadh an t-earra a cheannaítear mar a bhfuiltear ag súil leis - caighdeán íseal; toise, níl sé ag teacht leis an gcur síos a rinneadh; tógann sé am na hearraí a sheachadadh; d'fhéadfadh sé nach mbeifeá sa bhaile nuair a dhéantar iarracht na hearraí a sheachadadh; costas a bhaineann le hearraí a chur ar ais; ceisteanna faoi chaighdeán an earra mar nach féidir lámh a leagan air; easpa idirghníomhaíochta leis an díoltóir; etc.*

**2.** 'Meastar faoi láthair go bhfuil an oistéapóróis ar 300,000 duine in Éirinn.'

(*www.irishosteoporosis.ie*)

**(a)** Pléigh:

**(i)** na cúiseanna le hoistéapóróis

**(ii)** na slite a dtéann an oistéapóróis i bhfeidhm ar an gcorp. (20)

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***
**(*2 chúis, 2 iarmhairt + 1 phointe eile*)**

**Cúiseanna:** *bia ina bhfuil go leor cailciam in easnamh san aiste bhia ó aois óg; easpa vitimín D; leibhéil ísle éastraigine sna mná tar éis an mheanapáis; neamhoird itheacháin; leibhéil ísle téististéaróin sna fir; easpa aclaíochta glactha meáchain; tobac a chaitheamh; cógais e.g. don airtríteas réamatóideach agus don soiriáis; riochtaí sláinte e.g. ailsí áirithe; an iomarca alcóil; riochtaí tíoróideacha; dúchas an duine; méadaíonn an riosca le haois; etc.*

**Iarmhairtí**: *cnámha sobhriste/briosca; cnámha a bhriseadh; pian sa droim/muineál; laghdaíonn airde an duine; cnámh droma chuartha; guaillí cruinne; laghdaítear dlús na gcnámh/téagar na gcnámh; meath na bhfiacla; etc.*

**(b)** Agus na treoirlínte reatha don itheachán sláintiúil á gcur san áireamh agat, leag amach biachlár (3 bhéile) i gcomhair lá amháin do dhuine a bhfuil oistéapóróis air / uirthi. (18)

***3 bhéile @ 6 mharc an ceann***

***Biachláir shamplacha***

***Bricfeasta:*** *sú oráiste; leite le bainne lánmhéathrais; ubh scrofa le tósta caiscín; caoineog torthaí; iógart torthaí; etc.*

***Lón:*** *ceapaire liamháis/cáise; iógart sútha talún; úll; gloine bainne; etc.*

***Dinnéar:*** *ubh faoi mhaonáis; lasáinne agus sailéad glas; maróg ríse; gloine bainne; etc.*

**(c)** Tabhair sonraí **trí** athrú ar an gcothú agus / nó ar an stíl mhaireachtála a chuideoidh leis an oistéapóróis a chosc. (12)

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

***Aiste bia:*** *níos mó bia ina bhfuil a lán vitimín D agus fosfair a ithe; iontógáil cailciam a mhéadú; iontógáil vitimín C a mhéadú; táirgí bainne a ithe; iontógáil caiféine a laghdú; forbhianna cailciam agus vitimín D a thógáil; iontógáil próitéine a chothromú mar go gcuireann an iomarca próitéine nó easpa próitéine isteach ar dhlús na gcnámh; etc.*

***Stíl mhaireachtála:*** *aclaíocht a dhéanamh go rialta, go háirithe aclaíocht glactha meáchain; ná caith tobac; teorainn a chur le hiontógáil alcóil; scanadh i ndáil le dlús na gcnámh a dhéanamh go rialta; machnamh a dhéanamh ar theiripe athsholáthair hormón i gcás na mban tar éis an mheanapáis; téigh amuigh faoin ngrian; etc.*

**3.** Is iad na gránaigh an príomhbhia i gcuid mhór tíortha.

**(a)** Tabhair cuntas **(i)** ar luach cothaitheach **agus (ii)** ar luach diaitéiteach na ngránach. (20)

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***
***(2 thagairt do luach cothaitheach, 2 thagairt do luach diaitéiteach, móide 1 tagairt amháin eile)***

***Cothaitheach:*** *foinse próitéine ar íseal-luach bitheolaíoch; le haghaidh fáis/dheisiú chealla choirp; foinse carbaihiodráítí i bhfoirm stáirse, do theas/fuinneamh; is foinse snáithín iad slánghráin lena gcoisctear iatacht; tá aigéid shailleacha neamhsháithithe iontu; foinse vitimíní ghrúpa B; is foinse vitimín E é an ginidín; foinse cailciam, iarainn, fosfair; etc.*

***Diaitéiteach:*** *foinse snáithín d'fhuinneamh; tá snáithín diaiteach i slánghráin chun imfháscadh a spreagadh; tá saill il-neamhsháithithe iontu nach gcuireann le carnadh colaistéaróil; ilúsáideach agus is féidir iad a úsáid ar go leor bealaí éagsúla; saor le ceannach; éasca le húsáid; ní féidir le céiliaigh glútan a dhíleá; ní ionsúitear iarann ná cailciam mar gheall go gcuireann aigéad fíteach cosc air; etc.*

**(b)** Liostaigh **trí** gránaigh.
Ainmnigh táirge éagsúil a dhéantar as **gach** ceann de na gránaigh a liostaigh tú. (12)

***3 ghránach @ 2 mharc an ceann***

***Gránach:*** *cruithneacht; eorna; seagal; coirce; rís; grán buí; etc.*

***3 tháirge @ 2 mharc an ceann***

***Cruithneacht:*** *plúr caiscín/clochmheilte/bán/éiritheach/láidir; pasta; gránaigh bhricfeasta e.g. weetabix; etc.* ***eorna:*** *beoir; uisce eorna; fínéagar; meascán anraith; etc.* ***seagal:*** *arán seagail; arán briosc; etc.* ***coirce:*** *leite; brioscaí coirce; flapóga; etc.* ***rís:*** *maróg íse; plúr rise; cístí rise; rice krispies; etc.*
***grán buí:*** *gránphlúr; grán rósta; grán milis; calóga arbhair; etc.*

**(c)** I dtaca le gránaigh:

**(i)** mínigh an difríocht idir plúr bán **agus** plúr caiscín (6)

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

***Plúr bán:*** *baintear an bran agus an ginidín as an bplúr go hiomlán; fágtar an inspeirm sa phlúr; cailltear vitimín B; treisítear le vitimíní é; ráta úsctha 75%; etc.*

***Plúr caiscín:*** *dath donn air; an-chuid snáithín ann; ráta úsctha 100%; tá gach cuid den ghráinne cruithneachta ann; etc.*

**(ii)** tabhair breac-chuntas ar thrí threoirlíne atá le cur san áireamh nuair a bhíonn táirgí gránaigh á stóráil. (12)

***3 threoirlíne @ 4 mharc an ceann***

*Stóráil in áit fhionnuar, thirim é; nuair a osclaítear é, stóráil i soitheach aerdhíonach é; úsáid faoin 'dáta ar fearr roimhe' é; tá seilfré níos giorra ag gránaigh shlánghráinneacha mar gheall go bhfuil saill sa ghinidín; etc.*

**4.** Cheannaigh Seán agus Áine teilifíseán i sladmhargadh. Nuair a thóg siad an teilifíseán amach as an mbosca, fuair siad amach go raibh an scáileán briste. D'fhill siad ar an siopa leis an teilifíseán agus diúltaíodh aisíocaíocht a thabhairt dóibh.

**(a)** An raibh an siopa i dteideal aisíocaíocht a dhiúltú do Sheán agus Áine, dar leat?

Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Tá an tomhaltóir i dteideal earra lochtach a thabhairt ar ais; tá sé i dteideal deisiúcháin, airgead a fháil ar ais nó earra nua a fháil; tá an ceart céanna ann i dtaobh earraí i sladmhargadh ach amháin má cuireadh an tomhaltóir ar an eolas faoin locht nuair a ceannaíodh an t-earra; seiceáladh an teilifíseán sular fágadh an siopa; ní raibh smál dá laghad ar an teilifíseán ná ar an bpacáistíocht nuair a d'fhág siad an siopa; etc.*

**(b)** **(i)** Ainmnigh foinse iontaofa **amháin** de chomhairle do thomhaltóirí atá ar fáil do Sheán agus Áine. (5)

***Ainmnigh: 5 mharc***

*An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí; Ombudsman; an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann; Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann; an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh; an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí,*(*ECC*) *Éire; an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí* (*CCPC*)*; Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid*(*MABS*)*; irisleabhair – Consumer Choice, Which; suíomhanna gréasáin; etc.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta maidir le gearán a dhéanamh nuair a bhíonn fadhb ann. (15)

***5 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Téigh ar ais chuig an díoltóir leis an earra lochtach a luaithe agus is féidir; tabhair leat an admháil mar chruthúnas gur cheannaigh tú é; déan gearán leis an soláthróir go tapa má tá locht ar sheirbhís; labhair leis an mbainisteoir; déan cur síos gairid ar an bhfadhb; luaigh an rud ba chóir a dhéanamh faoi na hearraí nó faoin tseirbhís lochtach; ní mór a bheith réalaíoch i dtaca le cúiteamh; mura bhfaightear freagra sásúil, ba cheart an gearán a dhéanamh i scríbhinn; ba cheart cur síos a dhéanamh ar na hearraí sa litir, cóip den admháil a chur léi, eolas a thabhairt faoin uair agus faoin áit ar ceannaíodh an t-earra/an tseirbhís agus cúiteamh inti; d'fhéadfaí dul go dtí an Chúirt Mhionéileamh nó dlíodóir; etc.*

**(c)** Mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann leis an gCúirt Mhionéileamh don tomhaltóir. (15)

***3 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann***

*Socraítear éilimh bheaga go tapa; níl sí saor; tá costas €25.00 ar iarratas; ní gá dlíodóir a fháil; féadfaidh sí éileamh oiread agus €2,000 a bhronnadh; tá sí ar fáil go háitiúil; etc.*

**5.** Tá róil agus freagrachtaí éagsúla ag gach ball teaghlaigh laistigh den teaghlach.

**(a)** Pléigh **ceithre** shlí ina gcuireann daoine níos sine (seantuismitheoir(í)) tacaíocht ar fáil do bhaill eile den teaghlach. (20)

***4 bhealach @ 5 mharc an ceann***

*Cabhair airgeadais a thabhairt dá leanaí i.e. éarlais do theach; cabhrú leo aire a thabhairt do leanaí; tacaíocht mhothúchánach a thabhairt dá leanaí agus dá ngarchlann; luachanna a sheachadadh ó ghlúin go glúin; am a chaitheamh lena ngarchlann agus iad i mbun obair baile; cabhrú leis an obair tí; garchlann a bhailiú ón scoil; cabhrú le leanaí óga a thógáil; comhairle a thabhairt; meas a mhúineadh go hindíreach do dhaoine óga; etc.*

**(b)** Déan cur síos ar **thrí** shlí inar féidir le daoine níos sine a neamhspleáchas a choimeád. (15)

***3 shlí @ 5 mharc an ceann***

*Dul isteach i ngrúpaí gníomhacha lucht scoir chun lucht a n-aithne a mhéadú; bogadh go dtí scáthchóiríocht ina bhfuil aonad acu féin le tacaíocht ó bhainisteoir/maor; bogadh isteach in árasán ceangailte de theach duine muinteartha; teach níos lú a cheannach mar go mbeidh níos lú cothabhála/glantacháin de dhíth; bogadh isteach i mbungaló ar mhaithe le cúrsaí rochtana/gan staighre; teagmháil a dhéanamh le seirbhísí deonacha e.g. Meals on Wheels, a chuireann béilí ar fáil ar phraghas íseal; cuireann an stát pinsean ar fáil le go mbeidh daoine neamhspleách ó thaobh airgeadais de; cuirtear cártaí leighis ar fáil do gach duine atá 70 bliain d'aois agus níos sine; cuirtear taisteal saor in aisce ar fáil do gach duine ag 66 bliana d'aois, agus tugtar cead do dhuine eile taisteal le daoine scothaosta; tabharfaidh altraí sláinte poiblí cuairt ar dhaoine scothaosta sa bhaile chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna beaga sláinte; cuireann HSE cúntóirí baile agus cúntóirí cúraim baile ar fáil chun cabhrú le daoine scothaosta; cuireann Scéim Foláirimh do Sheanóirí tacaíocht deontais ar fáil chun trealamh a cheannach e.g. aláram pearsanta monatóirithe; déanann grúpaí Seandaoine Gníomhacha gníomhaíochtaí éagsúla e.g. babhláil agus biongó chun aonrú agus uaigneas a sheachaint; etc.*

**(c)** Mínigh *coinbhleacht idir ghlúine*. (5)

***1 phointe amháin @ 5 mharc***

*D'fhéadfadh coinbhleacht a bheith ann idir tuismitheoirí agus ógánaigh; d'fhéadfadh sé tarlú idir daoine fásta agus a dtuismitheoirí féin; tarlaíonn sé nuair a thagann meonta agus tuairimí glúine amháin salach ar mheonta agus tuairimí glúine eile; is féidir leis an nglúin níos sine cuimhneamh ar a n-iompar féin ag an aois chéanna lena leanaí nó garchlann, gan na hathruithe sóisialta atá tarlaithe ó shin a chur san áireamh; etc.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí chun déileáil le coinbhleacht idir ghlúine. (10)

***2 shlí @ 5 mharc an ceann***

*Seachnaítear achrann má bhíonn dea-chumarsáid ann; tá sé tábhachtach go dtuigeann gach duine céard atáthar ag súil leis uathu agus cá bhfuil a gcuid teorainneacha; foighne, meas agus tuiscint ar dhaoine eile coinbhleacht; ba cheart go mbeadh meas ag daoine níos óige ar eagna agus ar thaithí na nglún níos sine; meas ar an dá thaobh; ná déan neamhaird de choinbhleacht; cruthaigh atmaisféar inar féidir le daoine labhairt lena chéile; etc.*


## Roinn C

Freagair **ceist roghnach amháin** as an roinn seo.

## Ábhar Roghnach 1 - Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **1(a) agus 1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** 'Tá meas againn ar uisce mar acmhainn nádúrtha luachmhar a mbraitheann cáilíocht na beatha uirthi.' (*www.engineersireland.ie*)




**(i)** Mínigh an fheidhm atá ag na codanna seo a leanas den chóras fuaruisce a thaispeántar thuas: (18)

- buacaire (an stop-choca) ***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Is comhla speisialta atá ann ar phíopa seirbhíse taobh amuigh den teach/faoin doirteal sa chistin; is féidir an soláthar uisce a ghearradh leis má bhíonn fadhb ann; etc.*

- comhla liathróide (snámhbhuacaire) ***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Rialaíonn sé leibhéal an uisce san umar uisce san áiléar nó i sistéal an leithris; bíonn sé ar snámh ar bharr umar lán chun an comhla a choinneáil dúnta; dúnann sé an píopa agus stopann sé an sreabhadh nuair a shroichtear leibhéal áirithe; nuair a úsáidtear uisce e.g. nuair a shruthlaítear an leithreas titeann an liathróid, osclaíonn an chomhla go dtí go líonann an t-uisce chuig an leibhéal ceart arís, dúnann an chomhla; coisceann sé forsceitheadh uisce isteach sa teach etc.*

- píobán sceite. ***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Cuireann sé cosc ar thuile má bhíonn fadhb leis an snámhbhuacaire; má líonann an t-umar thar uastoilleadh bíonn an t-uisce breise in ann sreabhadh taobh amuigh den teach chun damáiste don teach a chosc; etc.*

**(ii)** Déan cur síos ar **gach** ceann de na céimeanna seo a leanas sa phróiseas cóireála uisce:

**(a)** scagadh **(b)** clóiríniú **(c)** fluairídiú **(d)** tástáil. (16)

***4 chéim @ 4 mharc an ceann***

***Scagadh:*** *baintear neamhghlainí in uisce amhail smionagar ar snámh; téann uisce trí shraith scagairí garbha agus criathair mhíne chun smionagar ar snámh a bhaint e.g. duilleoga nó craobhacha; etc.*

***Clóiríniú:*** *cuirtear clóirín leis chun aon bhaictéir a mharú; etc.*

***Fluairídiú:*** *cuirtear fluairíd leis chun fiacla a láidriú agus lobhadh fiacla a laghdú; etc.*

***Tástáil:*** *déantar tástáil ar uisce chun cáilíocht agus glaineacht a thomhas; deimhnítear go bhfuil sé oiriúnach le hól ag daoine; etc.*

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** shlí le huisce a chaomhnú sa teach sa bhaile. (16)

***4 shlí @ 4 mharc an ceann***

***Leithreas:*** *suiteáil leithreas déshruthlaithe; is féidir córas bailithe báistí nasctha leis an gcóras uisce a úsáid chun leithris a shruthlú; etc.* ***Sconnaí:*** *deisigh sconnaí atá ag sceitheadh mar go gcuireann siad suas le lítear amháin uisce san uair amú; ná nigh rudaí faoi sconna atá ar siúl; ná fág sconnaí ar siúl fad is atá fiacla á scuabadh; úsáid báisín sa doirteal seachas níochán faoi sconna atá ar siúl; etc.* ***Fearais:*** *roghnaigh fearais le rátáil A e.g. miasniteoir mar go bhfuil siad níos éifeachtúla sa mhéid uisce a úsáideann siad; ná líon an citeal ach leis an méid uisce a theastaíonn; fan go mbeidh an t-inneall níocháin nó miasniteoir lán sula gcuireann tú ar siúl é; úsáid níochán barainne nó níochán tapa; etc.* ***Uisce:*** *glac cithfholcadh in ionad folcadh; etc.*

**agus**

**1.(b)** Is minic a bhíonn luach níos airde ar theach má bhíonn na háiseanna áitiúla in aice láimhe.

**(i)** Pléigh na buntáistí do theaghlaigh a bhfuil páistí óga acu a bhaineann le **trí** áis áitiúla.(15)

***3 bhuntáiste @ 5 mharc an ceann***

***Scoileanna:*** *cuidíonn infhaighteacht réamhscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna le leanaí a gcumas acadúil a bhaint amach; etc.* ***ionaid phobail:*** *áit ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh teacht le chéile agus bheith sóisialta, cuidíonn siad le spiorad pobail a fhorbairt; etc.* ***páirceanna/áiseanna spóirt:*** *limistéar ar fáil do dhaoine chun traenáil a dhéanamh agus bheith sóisialta; etc.* ***naisc iompair phoiblí in aice láimhe:*** *ar chumas daoine taisteal go héasca chuig an obair nó chuig taitneamhachtaí eile; etc.* ***spásanna glasa:*** *le tírdhreachú an chosúlacht go bhfuil spás ann agus cuireann siad taitneamhacht amhairc le forbairt tithíochta; etc.* ***limistéir spraoi:*** *spás allamuigh ar fáil do leanaí le bheith ag spraoi agus sóisialta i dtimpeallacht shábháilte; etc. mothaíonn daoine níos sábháilte mar gheall ar* ***shoilsiú sráide*** *agus iad ag tiomáint nó ag siúl in áit phoiblí; etc.* ***bailiú bruscair:*** *tithe agus forbairtí tithíochta glan, sláinteach agus coisceann sé caitheamh bruscair; etc.* ***siopaí:*** *teacht éasca ar earraí tí riachtanacha gan taisteal chuig ceantair uirbeacha; etc.* ***glac le:*** *uisce; séarachas; glanadh sráide; leabharlanna; linn snámha; etc.*

**(ii)** Tabhair **trí** chúis ar fearr le daoine áirithe teach a fháil ar cíos seachas teach a cheannach. (15)

***3 chúis @ 5 mharc an ceann***

*Níl aon eisíocaíocht tosaigh caipitil i gceist; bíonn an éarlais níos lú, rud a chiallaíonn go bhfuil sé níos in-acmhainne; tá tithe daor a cheannach; is fúthu féin atá sé bogadh aon uair is mian leo, e.g. post a athrú; rogha níos fairsinge de chineálach cóiríochta ar fáil ar cíos; tiarna talún freagrach as cothabháil; ní mór don tiarna talún fógra a thabhairt chun éirí as; cuireann an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe cosaint ar fáil do thionóntaí agus do thiarnaí talún; tá liúntas cíosa ar fáil; etc.*

**nó**

**1.(c)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rud ba chóir do mhac léinn a chur san áireamh nuair a bhíonn troscán á roghnú aige / aici don seomra codlata. (15)

***3 thoisc @ 5 mharc an ceann***

*Feidhm an tseomra; costas; ardchaighdeán; tógáil, déanta go maith; spás ar fáil; buanfasach/láidir/marthanach; méid an tseomra, troscán in oiriúint go maith don seomra gan a bheith rómhór; maisiú an tseomra; sainroghanna pearsanta; éasca le húsáid; sábháilte le húsáid; compordach; dearadh; ag feidhmiú go héifeachtach; sách mór le go mbeidh spás stórála dóthanach ann; eirgeanamaíocht an troscáin; etc.*

**(ii)** Ainmnigh **trí** bhall de throscán stórála a bheadh oiriúnach do theach atá ar cíos ag mac léinn **agus** déan cur síos orthu. (15)

***3 bhall @ 5 mharc an ceann***

**(Sainaithin: *2 mharc,* Cur síos: *3 mharc*) *X 3***

***Vardrús ionsuite:*** *tá ráillí ar crochadh, tarraiceáin agus seilfeanna oscailte ann; ar fáil i réimse leathan cruthanna, méideanna agus ábhair; d'fhéadfaí é a thógáil le dul in oiriúint don spás; ní féidir é a bhogadh ná a athrú thart tar éis é a shuiteáil; etc.* ***seilfeanna bunúsacha:*** *aonaid seilfeanna oscailte; ar fáil i réimse leathan cruthanna, méideanna agus ábhair; cineál stórála saor; leabhragáin; etc.* ***aonaid mhodúlacha:*** *aonad balla aonair deartha le seilfeanna oscailte/cófraí/áit taispeána/nó deasc; míreanna taispeána mar mhaisiúchán; úsáidtear iad i spásanna teoranta; deasc ríomhairí; etc.* ***aonaid saorsheasaimh:*** *troscán leacphaca; aonaid seilfeanna oscailte agus tarraiceáin; is féidir iad a bhogadh go héasca; etc.* ***stóras leapa:*** *tarraiceáin faoin leaba; etc.* ***eagraithe/ráillí éadach; taisceadáin taobh leapa; etc.***

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **2(a) agus 2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** 'Is féidir ról tábhachtach a bheith ag éide scoile le féiniúlacht scoile a bhunú agus a choinneáil.'

(*www.oireachtas.ie*)



(*www.aldi.ie*)

**(i)** Déan trácht ar cé chomh hoiriúnach agus atá na héidí scoile a thaispeántar thuas do dhaltaí bunscoile. Déan tagairt dóibh seo:

- feidhm — ***2 phointe @ 3 mharc an ceann***
- compord — ***2 phointe @ 3 mharc an ceann***
- taitneamh aeistéitiúil. — ***2 phointe @ 3 mharc an ceann*** (18)

***Feidhm:*** *éasca le caitheamh; oiriúnach don scoil; buanfasach; ilúsáideach; coinneoidh siad a gcruth; ní thiocfaidh fithíní iontu; fabraic in oiriúint don aimsir the agus fhuar; tá treabhsair agus riteoga le caitheamh sa gheimhreadh; bróga réidh de mhéid oiriúnach; etc.*
***Compord:*** *ceadaíonn sé gluaiseacht go héasca le lúbadh agus síneadh fad is a choinnítear cruth; éasca chun cairdeagan nó geansaí a bhaint; fabraic ar féidir leis síneadh; etc.*
***Taitneamh aeistéitiúil:*** *níl aon lógó ná suaitheantas scoile air; oirfidh sé do gach cruth agus méid; oireann cairdeagan le V-mhuineál an cineál blúis; tá muinchillí gearraí ar bhlús mealltach; ceadaíonn pléataí ar sciorta/pilirín do mhéideanna éagsúla; etc.*

**(ii)** Mol **dhá** mhodh a d'fhéadfá a úsáid le suaitheantas a chur ar an éide scoil. (7)

**2 mhodh:** ***1 @ 4 mharc, 1 @ 3 mharc;***

*Appliqué; bróidnéireacht; cuilteáil; feirbeadh; cabhraíocht; péinteáil fabraice; teoshéalach; etc.*

**agus**

**2.(b)** Tá bailchríocha éagsúla ann a chuirtear ar fhabraicí nua-aoiseacha nuair a dhéantar iad.

**(i)** Mínigh cén fáth a n-úsáidtear bailchríocha fabraice ar fhabraic. (9)

***3 fháth @ 3 mharc an ceann***

*Chun fithíní a chosc; crapadh a chosc; chun airíonna inmhianta a thabhairt d'fhabraic e.g. uiscedhíonadh, frithsmálta etc.; chun go mbeidh an fhabraic buanfasach; sábháilteacht a fheabhsú; cáilíochtaí caithimh a fheabhsú; caillteanas datha a chosc; etc.*

**(ii)** Ainmnigh bailchríoch fabraice **amháin agus** déan cur síos uirthi. (6)

**Ainmnigh: *3 mharc,* Cur síos: *1 phointe @ 3 mharc***

***Uiscedhíonadh:*** *déanann sé fabraicí uisce-éarthach; etc.* ***frithstatach:*** *coisceann sé fabraic ó ghreamú don chraiceann; etc.* ***frithsmálta:*** *bíonn fabraic níos éasca le glanadh agus le coinneáil glan; etc.* ***ní thagann fithíní ann:*** *coisceann sé fithíní i bhfabraic, laghdaítear an gá le hiarnáil; etc.* ***mersiriú:*** *déanann sé fabraic níos treise agus níos ionsúití; etc.* ***lasairmhoillitheach:*** *laghdaíonn sé inadhainteacht fabraice; etc.*

**nó**

**2.(c)** 'Séasúr nua, faisean nua.' (*www.stellar.ie*)

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rud a théann i bhfeidhm ar athruithe i gcúrsaí faisin. (9)

***3 thoisc @ 3 mharc an ceann***

*Irisí faisin; ailt nuachtáin; réaltaí teilifíse agus scannán; daoine cáiliúla; piarghrúpaí; obair; treochtaí/luachanna atá ag athrú; gníomhaíochtaí caitheamh aimsire; aois; dearthóirí faisin e.g. Victoria Beckham; geilleagar beoga; etc.*

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán (deacrachtaí) a théann i bhfeidhm ar fhás thionscal éadaí na hÉireann. (6)

***2 dhúshlán @ 3 mharc an ceann***

*Tionscal dlúthshaothair; bíonn an pá íseal go minic; tá an costas saothair níos ísle i dtíortha eile e.g. an tSín; tá allmhairí ag ardú ó thíortha eile ina bhfuil an costas saothair níos saoire; iomaíochas níos mó; níl na scileanna riachtanacha ag mórán daoine; laghdaigh an teicneolaíocht na ceirdeanna dlúthshaothair; tá éileamh an tomhaltóra séasúrach; tá déantúsaíocht thraidisiúnta laghdaithe; tá titim san éileamh ar fhabraicí/cheirdeanna traidisiúnta Éireannacha; tá an fhostaíocht sa tionscal teicstílí ag dul i laghad; etc.*

# Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo **3(a) agus 3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** 'Tá an dífhostaíocht i measc na n-óg ar fud na hEorpa fós ró-ard.' (*Irish Examiner, 2017*)

**(i)** Sainmhínigh *dífhostaíocht*. (6)

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Is é atá sa dífhostaíocht* ***obair a lorg go gníomhach****/bheith sásta dul ag obair;* ***gan a bheith fostaithe faoi láthair****/gan phost; tá daoine* ***ar fáil le dul ag obair****;* ***sásta*** *dul ag obair; etc.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na slite a dtéann an dífhostaíocht i bhfeidhm orthu seo:

- an duine óg — ***2 thionchar @ 4 mharc an ceann***
- an teaghlach — ***2 thionchar @ 4 mharc an ceann***
- an tsochaí. — ***2 thionchar @ 4 mharc an ceann*** (24)

***An duine óg:*** *neamhdhaingne airgeadais; titim in ioncam as a dtagann titim i gcaighdeáin mhaireachtála; bochtaineacht; riaráistí morgáiste; easpa dídine; athshealbhú tithe; aonrú sóisialta; ísle brí; mí-úsáid drugaí/alcóil - andúil; caillteanas aitheantais/stádais; droch-fhéinmhuinín; d'fhéadfadh easpa airgid rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí caitheamh aimsire agus sóisialta a chosc; caillteanas cuspóra agus treo; etc.*

***An teaghlach:*** *meath ar chaighdeáin mhaireachtála mar gheall ar bheith ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh; baile neamhchobhsaí; d'fhéadfadh sé a bheith deacair bunriachtanais a sholáthar; d'fhéadfadh teaghlaigh a bheith gan dídean nó go mbeadh cóiríocht éigeandála uathu; fadhbanna caidrimh; briseadh pósta; b'fhéidir nach mbeadh leanaí in ann freastal ar choláiste mar gheall ar easpa airgid; etc.*

***An tsochaí:*** *costas ar an stát chun liúntais a íoc; ardaítear cánachas dá bharr; leanann an timthriall bochtaineachta dá bharr; d'fhéadfadh daoine óga a bhfuil a gcearta bainte díobh a bheith páirteach in iompar frithshóisialta; imirce; pobail neamhchobhsaí; méadú i mbriseadh síos teaghlaigh; méadú sa gheilleagar dubh le cur le liúntas leasa shóisialaigh; baill dhubha dífhostaíochta; etc.*

**(iii)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le cáilíocht oideachais a bheith ag daoine óga. (8)

***2 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Cabhraíonn sí chun gairm bheatha oiriúnach a fháil; forbraíonn sí na cáilíochtaí a bhfuil luach orthu san ionad oibre; laghdaíonn sí an riosca dífhostaíochta; faightear na scileanna chun dul isteach san fhórsa saothair; cabhraíonn sí le cuimsiú sóisialta; soghluaisteacht shóisialta; féadfar í a úsáid le dul ag taisteal; fostaíocht a fháil i dtíortha eile; féadfaidh siad a ngairm bheatha roghnaithe a leanúint; ceadaíonn sí dóibh gairmeacha a athrú; etc.*

**(iv)** Ainmnigh clár / cúrsa **amháin** a dearadh chun oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe agus chun scileanna nua a theagasc dóibh, **agus** tabhair sonraí maidir leis. (12)

**Ainmnigh: *4 mharc,* Sonraí: *2 phointe @ 4 mharc an ceann***

***Solas:*** *ag obair leis an ETB chun cláir a sheachadadh ag leibhéal áitiúil; oiliúint fhoirmiúil a sholáthar; taithí san ionad oibre i réimse disciplíní; cláir phrintíseachta a chur ar fáil; oiliúint i scileanna ar leith; etc.* ***Springboard:*** *tugann sé deis do chuardaitheoirí poist staidéar a dhéanamh; etc.* ***Momentum – Plean Gníomhaíochta do Phoist****: tionscnamh is ea é seo a chuireann oiliúint ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach; etc.* ***Jobs Plus:*** *dreasacht fostóra chun cuardaitheoirí poist ón mbeochlár a fhostú; etc.* ***VTOS; Clár um Fhilleadh ar an Oideachas; Skillsnet; Pas Sábháilte;*** *etc.*

**agus**

**3.(b)** 'Téann sé chun tairbhe dúinn ar fad cumhacht a bheith ag mná san ionad oibre.'

(*Irish Independent, 2017*)

**(i)** Mínigh **trí** chúis leis na méadú ar líon na mban san ionad oibre. (15)

***3 chúis @ 5 mharc an ceann***

*Níos mó post ar fáil do mhná; níos mó ban ag críochnú oideachas tríú leibhéal; comhionannas san ionad oibre; mná ag pósadh níos deireanaí sa saol tar éis dóibh gairm a bhunú; níl an oiread leanaí ag mná; laghdú sa bhearna pá inscne agus é níos brabúsaí do mhná dul ag obair; mar gheall ar an gcostas ar chóiríocht caithfidh an dá pháirtí dul ag obair chun billí a íoc; caighdeán maireachtála níos fearr ag teastáil; struchtúir tacaíochta i bhfeidhm e.g. uaireanta solúbtha, comhroinnt poist, saoire tuismitheora; réimse leathan cúram leanaí ar fáil; etc.*

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí do shaol an teaghlaigh a bhaineann leis an mbeirt tuismitheoirí a bheith ag obair. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

***Buntáistí:*** *níos mó ioncaim indiúscartha; caighdeán níos airde maireachtála; in acmhainn só-earraí cosúil le laethanta saoire thar lear a cheannach; eiseamláirí dearfacha do leanaí; sóisialú leanaí le piaraí ó aois óg; etc.*

***Míbhuntáistí:*** *ró-ualach róil agus tuismitheoirí ag streachailt leis an teaghlach agus lena ngairm; mothaíonn tuismitheoirí ciontach nuair a thagann an obair trasna ar a ról mar thuismitheoir e.g. freastal ar choirmeacha ceoil/drámaí; caitheann leanaí am i gcúram leanaí agus is féidir leis a bheith costasach; deacracht ag nascadh le leanaí mar gheall go n-oibríonn tuismitheoirí uaireanta fada/go dtaistealaíonn siad achair fhada; d'fhéadfadh go mbeadh ar leanaí níos sine cúnamh a thabhairt le cúram leanaí, d'fhéadfadh sé seo tionchar a imirt ar obair scoile; etc.*

**nó**

**3.(c)** 'Tá beagnach dhá thrian den daonra ina gcónaí i gceantair uirbeacha anois.'

(*The Irish Times, 2017*)

**(i)** Pléigh **trí** chúis a bhfuil níos mó daoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Deiseanna fostaíochta; seirbhísí oideachais; taitneamhachtaí níos fearr; iompar; raon seirbhísí e.g. bainc, oifigí poist; éagsúlacht níos mó d'áiseanna siamsaíochta, caitheamh aimsire; rogha níos mó de roghanna tithíochta ar fáil; etc.*

**(ii)** Mínigh **trí** shlí a ndeachaigh an imirce (bogadh) ó cheantair tuaithe go ceantair uirbeacha i bhfeidhm ar an saol i gceantair tuaithe. (15)

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Laghdú i méid an daonra; níos lú seirbhísí sa cheantar; níos lú taitneamhachtaí; míchothroime inscne; níos mó daoine scothaosta, níos lú daoine óga; bonneagar níos measa; níos mó dífhostaíochta; siopaí, bainc agus oifigí poist ag dúnadh; ráta breithe agus pósta ag titim; etc.*

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# An Ardteistiméireacht, 2018

# Aistriúchán Ar Scéim Mharcála

## Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

## Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

**Fiosrúchán: Anailís / Taighde – 32 mharc**

**Taighde agus anailís** **= 24**

***Banda A 19 - 24 mharc* (*an-mhaith - ar fheabhas*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc* (*an-ábalta - go maith*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc* (*bunúsach - ábalta*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc* (*an-bhunúsach - teoranta*)**
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir / miasa / táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe / béilí 2 chúrsa / 1 mhias / 2 mhias / 2 tháirge.* **= 4**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear -1/-2/-4 marc san fhiosrúchán.***
(*biachlár – cúrsa tosaigh / milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*
***Ní mór biachláir / príomhchúrsa / miasa a bheith cothromaithe –*** *glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc an ceann*** **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil - 8 marc**

**Acmhainní:**

- comhábhair (2 mharc), cainníochtaí (2 mharc), costáil (2 mharc), trealamh (2 mharc) **= 8**
- AOP E – táirge/táirgí (2 mharc), trealamh (6 mharc)

**Cuir i bhFeidhm - 28 marc**

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, riar / cur i láthair, blaiseadh / measúnú. **= 16**
(*Ba choir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)

***Banda A 13 - 16 mharc* (*an-mhaith - ar fheabhas*)**
*Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda B 9 - 12 mharc* (*an-ábalta - go maith*)**
*Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda C 5 - 8 marc* (*bunúsach - ábalta*)**
*Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

***Banda D 1 - 4 mharc* (*an-bhunúsach - teoranta*)**
*Ní aithnítear aon cheann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach beagán díobh, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

**Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** ***2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **= 8**
(caithfidh baint a bheith acu leis an mias / tástáil áirithe)
*Aithint* (*2 mharc*) *agus* ***míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse*** *a cuireadh san áireamh a raibh baint* ***chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias****.*

**Sábháilteacht / sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc an ceann*** **= 4**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid / leis an mias atá á cócaráil)
*Aithint* (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta* ***amháin agus*** *an phríomh-shaincheist* ***amháin*** *a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh.*

**Measúnú - 12 marc**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** **= 12**

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas:

**Cur i bhfeidhm**

***Banda A - 4 mharc*** *- aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí / dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** *- aithníodh láidreachtaí / dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní / ar phleanáil*
***Banda C - 2 mharc*** *- rinneadh iarracht éigin láidreachtaí / dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / do phleanáil.*

**Sainriachtanais** an taisc

***Banda A - 4 mharc*** *- tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc*
***Banda B - 3 mharc*** *- tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc*
***Banda C - 2 mharc*** *- déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc.*

**Réimse Cleachtais A: Prionsabail an Chothaithe a Chur i bhFeidhm**
**Tasc 1**

| |
|---|
| *Tá an réim bia agus an stíl mhaireachtála an-tábhachtach do shláinte na máthar le linn di a bheith ag iompar agus do shláinte an linbh le linn dó a bheith ag forbairt ina dhiaidh sin.*<br><br>Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do mhná le linn dóibh a bheith ag iompar.<br>Agus tú ag tagairt do na tosca atá aitheanta agat sa taighde, mol réimse biachlár (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach mar bhéile tráthnóna do bhean atá ag iompar.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa príomhchúrsa a d'fhiosraigh tú sa taighde.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *riachtanais chothaithe / chothaitheacha agus béilí á bpleanáil* ***do mhná nuair atá siad ag iompar clainne***
- *treoirlínte pleanála béilí ábhartha agus tagairt ar leith do* ***mhná atá ag iompar clainne***
- *raon biachlár* (*dhá chúrsa*) *do bhéile tráthnóna do bhean atá ag iompar clainne*
- *mias phríomhchúrsa roghnaithe de phríomhbhéile an lae* (*ó bhiachlár*).

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha:** r*iachtanais agus tagairt ar leith do* ***mhná nuair atá siad ag iompar*** *e.g. cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea / mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine le go bhfásfaidh fíochán an fhéatais i gceart; carbaihiodráit le haghaidh fuinnimh; snáithín chun cosc a chur ar iatacht; aigéid shailleacha leis an néarchóras a fhorbairt; ba chóir go mbeadh na riachtanais chailciam dhá oiread níos mó ná mar a fhaigheann mná nach bhfuil ag iompar clainne; iarann d'fhuil shláintiúil – laghdaíonn sé seo an baol le hainéime a fháil le linn a bheith ag iompar clainne; cailciam / fosfar le cnámha láidre a fhás; vitimín C / ionsú iarainn; vitimín D / ionsú cailciam; vitimín B do scaoileadh fuinnimh; fóláit / aigéad folach chun an leanbh a chosaint ó fhabhtanna néarfheadáin a fhorbairt; cothromaíocht fuinnimh vis a vis leibhéil ghníomhaíochta; etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; col agus bá phearsanta; athruithe i mblasanna agus aimirní; droch-fhrithghníomh i gcoinne bianna; méideanna beaga ar phláta a ithe; an iomarca caiféine a sheachaint; mothálacht i leith bolaithe – d'fhéadfadh bianna lán de shaill agus spíosraí a bheith ina gcúis le haigéad sa ghoile a scaoileadh agus masmas / tinneas maidine; laghdaíonn bianna fuara an taithí maidir le bolaithe a fháil; bia lán de shaill a sheachaint chun cosc a chur ar an iomarca méadú meáchain; bianna nach bhfuil cileacalraí iontu a sheachaint i.e. lán le siúcra, d'fhéadfaí diaibéiteas chineál 2 a fháil dá bharr; bianna lán de spíosraí / blastanais a sheachaint chun cosc a chur ar dhó croí; bianna lán le snáithín a chur san áireamh chun cosc a chur ar iatacht; méid salainn a thógtar a choimeád chomh beag agus is féidir chun an baol maidir le hardbhrú fola a laghdú; bianna neamhbhlasta / simplí a chur san áireamh e.g. craicir / tósta; is fearr béilí beaga ag teacht go dtí deireadh na tréimhse de bheith ag iompar clainne; bianna treisithe a ithe e.g. sárbhainne / gránaigh le haghaidh cothaitheach bhreise; maonáis, uachtar reoite, cáiseanna neamhphaistéartha a sheachaint mar b'fhéidir go mbeidh baictéir nimhiú bia – listéire agus salmonella; etc.*

**Miasa a roghnaíodh**
- raon biachlár (dhá chúrsa) oiriúnach do bhéile tráthnóna
- caithfidh siad freastal ar na riachtanais chothaitheacha do bhean atá ag iompar clainne
- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar thátail maidir le riachtanais chothaitheacha de raon mias / béilí do bhean atá ag iompar clainne. Treoirlínte pleanála béilí – raon mias / béilí oiriúnach do bhean atá ag iompar clainne etc., an chaoi a bhfreastalaíonn an mhias roghnaithe ar na riachtanais de réir mar a aithnítear iad san fhiosrúchán; etc.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *I dtreoirlíne nua de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO), moltar do dhaoine fásta agus do leanaí an méid siúcraí saora a thógann siad gach lá a laghdú go dtí níos lú ná 10% dá n-iontógáil iomlán fuinnimh.* (*An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2015*)<br>Agus tú ag tagairt don ráiteas thuas, pléigh na rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra. Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do dhaoine ar mian leo an méid siúcra atá ina réim bia a laghdú.<br>Agus na cúinsí a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol raon de mhiasa milseoige / de mhiasa milseoige mionathraithe a bheadh oiriúnach do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi **nó** do dhuine ar mian leis/léi an méid siúcra a thógann sé/sí a laghdú.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa milseoige a d'fhiosraigh tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra*
- *riachtanais chothaithe agus treoirlínte pleanála béilí do dhaoine ar mian leo an méid siúcra atá ina réim bia a laghdú*
- *raon de mhiasa milseoige / miasa milseoige mionathraithe a bheadh oiriúnach do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi* ***nó*** *do dhuine ar mian leis/léi an méid siúcra a thógann sé/sí a laghdú*
- *mias mhilseoige* (*aitheanta sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Rioscaí sláinte a bhaineann le réim bia ina bhfuil ardleibhéal siúcra:** *méadú meáchain / otracht (murtall); galar cardashoithíoch e.g. galar croí; stróc; ardbhrú fola; leibhéil siúcra fola arda; diaibéiteas chineál 2; meath na bhfiacla; etc.*

**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha**: *cothromaíocht chothaitheach; riachtanais laethúla mhicrea / mhacrachothaithigh lena n-áirítear riachtanais phróitéine / saille / carbaihiodráite / iarainn / cailciam de réir mar is cuí; GI (innéacs glicéime) íseal / bianna ina bhfuil a lán snáithín a scaoileann glúcós de réir a chéile thar tréimhse roinnt uaireanta an chloig ionas nach mbíonn an méid sin insline ag teastáil; caithfidh daoine a bhfuil diaibéiteas orthu a bheith ar an eolas faoi líon iomlán na gcarbaihiodráití a thógann siad (siúcra agus stáirse); vitimín C / ionsú iarainn; vitimín D / ionsú cailciam; treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; etc.*

**Treoirlínte pleanála béilí:** *úsáid phirimide bia lena chinntiú go mbíonn béilí cothromaithe ann; béilí a ithe go rialta le hipiglicéime a sheachaint agus sneaic amháin nó níos mó le gníomhú insline a uasmhéadú / an méid a bhogann leibhéil siúcra fola a laghdú; sneaiceanna sláintiúla a bheith ann leis na leibhéil siúcra fola agus fuinnimh a choinneáil socair; tá roghanna deochanna chomh tábhachtach céanna leis na roghanna bia; coinnigh súil ar mhéid na saille sáithithe in oidis nach bhfuil mórán siúcra ann e.g. tá a lán saillte sáithithe in ola chnó cócó; siúcraí saorga a úsáid i dtae / caife; bianna mínphróiseáilte ina bhfuil carbaihiodráití agus bianna próiseáilte a sheachaint (bíonn GI níos airde acu); íslíonn próitéin agus saill GI an bhia atá lán le carbaihiodráití; teorainn a chur ar bhianna milse / ina bhfuil a lán siúcra a ithe; torthaí i gcannaí ina sú féin seachas i síoróip a cheannach; gránaigh a bhfuil a lán snáithín iontu a roghnú seachas na cinn a bhfuil a lán siúcra iontu; úsáid a bhaint as modhanna cócarála sláintiúla i.e. galú, etc.; tugann siúcraí saorga blas milis do bhia ach bíonn beagán éifeachta nó ní bhíonn éifeacht ar bith acu ar na leibhéil ghlúcóis; seiceáil na lipéid a bhíonn ar bhia le haghaidh siúcraí e.g. siúcrós, glúcós, fruchtós, etc.; bianna saoráideacha a sheachaint; níos mó bia baile a thabhairt isteach; béilí a phleanáil roimh ré; etc.*

**Raon de mhiasa milseoige / miasa milseoige mionathraithe:**

**Mias a roghnaíodh** - *ní féidir mórán siúcra / gan aon siúcra / mionathraithe ó thaobh siúcra de a bheith i gceist.*

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar thátail ar an méid a d'fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán maidir le pointí le cur san áireamh do dhaoine ar mian leo siúcra a laghdú ina réim bia; an chaoi a bhfreastalaíonn an mhias roghnaithe ar na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.*

**Réimse Cleachtais B: Ullmhú Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

| |
|---|
| *Tá sé coitianta anois giosta a úsáid sa bhácáil sa bhaile mar thoradh ar chláir chócaireachta ar an teilifís.*<br><br>Déan taighde ar an úsáid a bhaintear as giosta mar ghníomhaí ardúcháin sa bhácáil sa bhaile.<br>Déan tagairt dóibh seo a leanas: na cineálacha giosta a úsáidtear, na bunphrionsabail agus samplaí de na miasa.<br>Déan iniúchadh agus mionléiriú ar na príomhphointí ba chóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leis an mbácáil sa bhaile nuair a bhíonn giosta in úsáid.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa (milis nó neamh-mhilis) sa taighde a rinne tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm, **(b)** leis an mbuntáiste **nó** leis an míbhuntáiste a bhaineann le giosta a úsáid sa bhácáil sa bhaile, agus **(c)** costas na méise i gcomparáid le táirge tráchtála den chineál céanna. **2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na cineálacha giosta a úsáidtear*
- *na bunphrionsabail de ghiosta mar ghníomhaí ardúcháin*
- *samplaí de mhiasa ina n-úsáidtear giosta*
- *na príomhphointí ba chóir a leanúint lena chinntiú go n-éireoidh leis an mbácáil sa bhaile nuair a bhíonn giosta in úsáid*
- *mias roghnaithe* (*milis nó neamh-mhilis – ní mór giosta a bheith inti*).

**Na cineálacha giosta atá ar fáil:**
**Giosta úr / giosta cáca / comhbhrúite:** *dath uachtair béasa / donnliath éadrom air; bog agus briosc; boladh leanna air; comhbhrúite i mbloc de chealla giosta úra ina bhfuil tuairim 70% de mhaothas; seasann sé 2-3 seachtaine sa chuisneoir nó suas go dtí 2 mhí sa reoiteoir; déantar é a mheascadh le leacht bogthe; ba chóir dó eirí cúrach sula gcuirtear leis an bplúr é; úsáid 15g giosta úir do gach 450g plúr; etc.* **Giosta tirim***: ar fáil i saicíní réamhphacáilte, réamhthomhaiste; gráinní scothdhonna; baintear an chuid is mó den uisce as cealla an ghiosta sa phróiseas triomaithe; seasann sé suas le 6 mhí; níos comhdhlúite ná giosta úr; 7g triomaithe = 15g giosta úr; is giosta é a dteastaíonn bia, maothas agus teas uaidh sula gcuirtear le plúr é; cuma chúrach air; etc.* **Giosta tirim mearghnímh***: meascán de ghiosta tirim agus feabhsaitheoirí e.g. vitimín C a chuidíonn leis an bpróiseas coipthe a dheifriú agus leis an am éiritheach a laghdú; cuirtear díreach leis na comhábhair thirime é; ní theastaíonn ach ardú amháin uaidh; 7g do gach 450g plúr; etc.* **Tosaitheoir taois ghéir:** *is féidir é seo a chruthú trí phlúr agus uisce a mheascadh le chéile, atá in ann coipeadh a dhéanamh le giosta aeriompartha; féadfaidh giosta tráchtála a bheith ann chun an próiseas coipthe a dheifriú; coipeadh taois ag baint úsáide as lachtbhachaillíní a tharlaíonn go nádúrtha agus giosta; curtha le taos de réir mar is gá; déantar é a stóráil sa chuisneoir; is féidir é a thriomú; tugann sé blas ar leith d'arán taois ghéir – ó bhlas beag seirbhe go blas láidir géar; etc.*

**Na bunphrionsabail giosta sa bhácáil sa bhaile:**
**Coipeadh:** *briseann giosta síos an stáirse agus siúcra sa taos le* $CO_2$*, alcól agus fuinneamh a dhéanamh, a tharlaíonn i gcéimeanna agus a oibríonn ar ghníomhú na n-einsímí; tiontaíonn an einsím diastáis i bplúr stáirse ina mhaltós; tiontaíonn an einsím maltáis i ngiosta maltós ina ghlúcós; tiontaíonn an einsím inbhéartáis i ngiosta siúcrós ina ghlúcós agus ina fhruchtós; tiontaíonn an einsím síomáis i ngiosta glúcós agus fruchtós ina* $CO_2$ *agus ina alcól; aibíonn glútan agus éiríonn sé soshínte agus lingeach; etc.* **Ardú:** *leathnaíonn an taos agus ardaíonn sé i dtimpeallacht atá te; leathnaíonn* $CO_2$ *agus éiríonn sé ag brú an taois in airde; maraíonn* **teocht ard an oighinn** *an giosta agus stopann an próiseas ardaithe; galaíonn alcól agus téachtann glútan; athraíonn an stáirse dromchla go deistrin, a dhéanann crústa donn ar an taos; etc.*

**Samplaí de mhiasa a úsáideann giosta:** *arán giosta; croissants; taoschnónna; crosbhorróga; borróga Chelsea; píotsa; etc.*

**Príomhphointí ba chóir a chur san áireamh chun a dheimhniú go n-éireoidh le duine agus giosta á úsáid sa bhácáil sa bhaile:**
*Bain úsáid as an méid ceart giosta agus comhréir cheart de chomhábhair; cuireann siúcra bia ar fáil; féadfaidh salann fás an ghiosta a mhoilliú, féadfaidh an iomarca an giosta a mharú; bain úsáid as plúr láidir – an t-ábhar glútain ard*

*ann; cuireann vitimín C le luas an choipthe agus laghdaíonn am ardaithe faoi 1/3; sa chás go n-úsáidtear saill in oideas, cuir isteach beagán giosta breise; sáinníonn uibheacha aer i meascán agus cuidíonn siad chun táirge níos éadroime a chur ar fáil; oibríonn giosta níos fearr ag teocht te thart ar 20 – 27°C; tá fuineadh riachtanach chun an glútan sa phlúr a fhorbairt agus a shíneadh; scriostar giosta ag teochtaí níos airde ná 55°C; briseann an gearradh siar go dtí an méid bunaidh bolgóidí móra $CO_2$ síos ina mbolgóidí níos lú agus níos cothroime; múnlú taois; á choipeadh in áit lena mhéid a dhúbailt; déan é a choipeadh thar oíche sa chuisneoir; maraíonn teocht ard oighinn 220°C an giosta; etc.*

**Mias a roghnaíodh** - *caithfidh giosta bheith sa mhias roghnaithe (milis nó neamh-mhilis)*

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *an buntáiste* ***nó*** *an míbhuntáiste a bhaineann le bheith ag bácáil sa bhaile le giosta* **(c)** *costas i gcomparáid le táirge tráchtála atá cosúil leis.*

**Réimse Cleachtais D: Airíonna Bia**
**Tasc 4**

*Tá an maranáidiú ar na bealaí is simplí le blas a chur ar bhia, agus is iad na rudaí is tábhachtaí a bhaineann le maranáid mhaith a dhéanamh ná comhábhair ar ardchaighdeán a chur le chéile agus an t-am.*

Déan taighde ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Sainmhíniú ar an téarma 'maranáid' agus ar na cineálacha éagsúla maranáidí
- na cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí nuair a bhíonn bia á ullmhú
- na bunphrionsabail a bhaineann le maranáidí a úsáid
- raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla a ndearna tú iniúchadh orthu.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann **amháin** de na miasa a roghnaigh tú ina n-úsáidtear maranáid.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis an gcaoi ar éirigh leis an maranáid an cuspóir a bhaint amach. **2018**

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *sainmhíniú ar an téarma 'maranáid' agus ar na cineálacha éagsúla maranáidí*
- *cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí nuair a bhíonn bia á ullmhú*
- *na bunphrionsabail a bhaineann le maranáidí a úsáid*
- *raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla a ndearna tú iniúchadh orthu*
- *mias roghnaithe* (*caithfear úsáid a bhaint as maranáid a aithníodh sa taighde*).

**Fiosrúchán**

**Sainmhíniú ar an téarma 'maranáid':** *meascán d'ola, fíon, fínéagar, spíosraí, luibheanna nó comhábhair atá cosúil leo, ina ndéantar feoil, iasc agus bia eile a chur ar maos* (*ar bogadh*) *le cur leis an mblas nó chun é a dhéanamh bog; etc.*

**Na cineálacha maranáidí éagsúla agus raon de mhiasa a léiríonn an úsáid a bhaintear as gach maranáid a ndearnadh iniúchadh orthu:** ***Maranáid fhliuch / blastáin chuimilte fhliucha:*** *salann, ola agus aigéad measctha le taos tiubh a dhéanamh a ghreamaíonn leis an mbia agus a dhéanann é a chlúdach; etc.* ***Miasa:*** *sicín satae, muiceoil le paiprice uirthi, etc.* ***Maranáid thirim / blastáin chuimilte thirime:*** *meascán de luibheanna / spíosraí brúite / salann / mustard / siúcra le beagán ola, fínéagair / sú citris a dhéantar a chuimilt ar chraiceann an bhia, déantar an blas a chur ar bogadh sa bhia; etc.* ***Miasa:*** *maranáid d'easna mhairteola, sicín le gairleog agus marós, etc.* ***Maranáidí einsímeacha:*** *bunaithe ar thorthaí e.g. anann, papá, oráistí, figí, a dhéantar a chuimilt ar bhianna; etc.* ***Miasa:*** *easnaí glónraithe i bhfínéagar balsamach agus in oráistí, stéig chliatháin na hÁise, etc.* ***Maranáidí aigéid:*** *bonn leachta d'aigéad, ola, anlann soighe, luibheanna / spíosraí; briseann na haigéid síos an fíochán tacaíochta san fheoil; etc.* ***Miasa:*** *glasraí fréimhe maranáidithe, sicín Mharacó, etc.* ***Maranáidí sáile:*** *sáile tirim / sáile fliuch – sáinníonn tuaslagáin salainn / siúcra / sáile taise i mbia; etc.* ***Miasa:*** *luan muiceola faoi sháile mailpe, etc.* ***Maranáidí déiríochta:*** *bláthach, iógart etc.; níl siad chomh láidir le maranáid aigéid; gníomhachtaíonn cailciam na heinsímí chun an dínádúrúchán a spreagadh; etc.* ***Miasa:*** *ceibeabanna sicín tandoori, sicín tikka masala, etc.*

**Cúiseanna le maranáidí a úsáid:** *cuirtear le blas an bhia; cuirtear feabhas ar cé chomh bog agus atá an bia; tá siad saor mar is féidir gearrthacha níos saoire d'fheolta a úsáid; cuirtear feabhas ar an mblas a bhíonn ar ghearrthacha d'fheolta nach bhfuil chomh tarraingteach sin; bíonn éagsúlacht i gceist leis an mias; laghdaítear an méid taise a chailltear agus bíonn an bia níos súmhaire; chun fad a chur leis an seilfré; bíonn an bia níos sláintiúla dá bharr; etc.*

**Na bunphrionsabail a bhaineann le húsáid maranáidí:** *tugann spíosraí, gairleog, luibheanna, oinniúin etc.* ***blas****; caithfidh an bia a bheith clúdaithe go hiomlán sa mharanáid ionas gur féidir léi oibriú ar an gcraiceann atá nochta; iompraíonn ola blas na mblastanas isteach sa bhia; déanann aigéid e.g. súnna citris, fíon, fínéagar, iógart, etc. na slabhraí próitéine agus na fíocháin tacaíochta a bhriseadh síos, rud a dhéanann na snáithíní feola níos* ***boige****; e.g. coinníonn olaí e.g. ola seasamain, ola lus na gréine, ola olóige etc. taise i bhfeoil, mar sin bíonn an táirge cócaráilte níos súmhaire mar cailltear níos lú taise i rith na cócarála; déanann iógart feoil bog agus cruthaítear crústa ar an mbia fad a bhíonn sé á chócaráil; bíonn tréimhse maranáidithe níos giorra ag teastáil ó ghearrthacha feola atá níos lú nó bianna atá níos boige ar nós iasc nó glasraí etc.; déantar é a dhéanamh níos boige (tenderisation) de bharr comhábhar aigéid e.g. seiris, fínéagar fíona, anlann soighe; briseann an aigéadacht seo síos na snáithíní matáin agus fíochán tacaíochta san fheoil; etc.*

**Mias a roghnaíodh –** *caithfear an úsáid a bhaintear as maranáid a aithníodh sa taighde a léiriú*

**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc)

**(a)** *cur i bhfeidhm* **(b)** *conas a d'éirigh leis an maranáid an cuspóir a bhí i gceist aici a bhaint amach e.g. an bia a dhéanamh bog, é a dhéanamh tais, blas a chur leis, etc.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh**
**Tasc 5**

| |
|---|
| *Tá réimse leathan iógart ar fáil ar mhargadh bia na hÉireann a shásaíonn dúil gach duine agus a shásaíonn gach riachtanas cothaithe.*<br><br>Déan taighde ar na brandaí agus ar na blasanna éagsúla iógairt atá ar fáil.<br>Agus **dhá** bhranda éagsúla iógairt in úsáid agat, an blas céanna ar an dá cheann, déan **tástáil roghnachais phéirithe** le fáil amach cén branda iógairt is fearr leis an rang-ghrúpa.<br>Déan measúnú ar an tasc i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na torthaí a fuarthas ar an tástáil.<br>**2018** |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar na cineálacha iógairt atá ar fáil* (*i.e. brandaí agus blasanna*)
- ***tástáil roghnachais phéirithe***
- *coinníollacha le rialú i rith na tástála*
- ***do rogha táirgí*** (*brandaí difriúla d'iógairt, an blas céanna*)

**Fiosrúchán** **= 24**

- Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí a bheadh oiriúnach don tástáil
  *i.e. déan fiosrúchán ar na cineálacha iógairt atá ar fáil i.e. brandaí agus blasanna.*

- ***Tástáil roghnachais phéirithe***

***Cur síos:*** *tugtar dhá shampla d'iógairt* (*dhá bhranda éagsúla, agus an blas céanna acu*) *agus roghnaíonn na tástálaithe an táirge is fearr leo.*
***Aidhm na tástála:*** *lena fháil amach cé acu an ceann den dá shampla iógairt is fearr leis na tástálaithe*
***Torthaí féideartha****: agus na samplaí iógairt á mblaiseadh ba chóir go mbeadh sé soiléir cé acu an ceann is fearr leis na tástálaithe.*

**Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**
*Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an tasc e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear don tástáil; teocht na samplaí; mórán an méid céanna i ngach sampla; códú na samplaí; sláinteachas; uainiú; an áit a ndéantar an tástáil; tosca maidir le haiste bia; etc.*

- **An mhias / táirge a roghnaíodh**
  ***Táirgí roghnaithe*** **= 4**

**Foinsí:** ***2 @ 2 mharc*** **= 4**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní** **= 8**
- **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**Tástáil Roghnachais Phéirithe:** *6 thráidire; 6 ghloine uisce; 12 choimeádán códaithe; 6 sampla d'iógart A; 6 sampla d'iógart B; 6 chárta scórála; bileoga taifid; peann; etc.*
(*déantar líon na n-uimhreacha a oibriú amach de réir mhéid an ghrúpa tástála*)

**Cur i bhFeidhm** **= 16**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á chur i gcrích**
*Ba chóir ord iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus torthaí na tástála a chur i láthair, i.e.*

**Tástáil roghnachais phéirithe (dhá tháirge)**
*Déantar códú ar choimeádáin leis an siombail □ agus siombail ◊; cuirtear na samplaí d'iógairt i ngach coimeádán; ullmhaítear na tráidirí, coimeádán amháin ar gach tráidire le lipéad leis an tsiombail □, coimeádán amháin leis an tsiombail ◊; leanann tástálaithe treoracha ar chártaí scórála; déantar gach sampla a bhlaiseadh; léirítear an ceann is fearr leo ach tic a chur leis an sampla is fearr leo ar an mbileog; bailíonn an duine a dhéanann an taifeadadh na cártaí scórála agus cuirtear na torthaí ar bhileog taifead atá ullmhaithe; déantar líon na dticeanna do gach táirge a ríomh; nochtar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair; is féidir na torthaí a chur i láthair ar bharrachairt / píchairt / tábla; cuirtear cuí ar gach rud; déantar gach rud a ní; déantar measúnú ar na torthaí; etc.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (*aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann*)** **= 8**

*Ar na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éireoidh leis an tasc seo tá - coinníollacha le* ***rialú*** *i rith na tástála; códú; an rogha iógart a úsáidtear; teocht na samplaí; aonfhoirmeacht na samplaí don tástáil; méideanna dóthanacha; gloine uisce / nó brioscóg thirim ar fáil chun an blas a ghlanadh den charball; an tábhacht le ciúnas iomlán i rith na tástála; cóid ar gach tráidire le bheith mar an gcéanna i gcónaí; níor chóir cóid a úsáid chun claontacht a spreagadh i measc na dtástálaithe; níor chóir baint a bheith ag na tástálaithe le códú ná le hullmhú samplaí ná leis na torthaí a eagrú; etc.*
**(*ní mór do na príomhchúinsí tagairt a dhéanamh don tástáil iarbhír a rinneadh*)**

- **Sábháilteacht agus sláinteachas**
  **(sábháilteachta: *1 @ 2 mharc an ceann,* sláinteachais: *1 @ 2 marc an ceann*)** **= 4**

***Sábháilteacht****: seiceáil an dáta ar na iógairt le nimhiú bia a sheachaint; stóráil na n-iógart; ailléirge a bheith ar thástálaithe – táirgí le cnónna etc.; aistí bia speisialta e.g. éadulangach ar lachtós; etc.*
***Sláinteachas:*** *an dea-chleachtas maidir leis an ionad ullmhúcháin agus maidir leis an ionad tástála; úsáid a bhaint as spúnóga ar leith le gach sampla a thástáil le truailliú a sheachaint; láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha / gloiní indiúscartha a úsáid; etc.*

**Measúnú (*3 phointe @ 4 mharc an ceann*)** **= 12**

- **Cur i bhfeidhm**

*Na modhanna tástála a úsáidtear; na príomhchúinsí agus an tástáil á cur i gcrích; saincheisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a cuireadh san áireamh; fadhbanna a bhí ann agus moltaí maidir le réitigh orthu; éifeachtúlacht ord na hoibre a mheasúnú; etc.*

- **Riachtanas shainiúla an taisc**

*Ba chóir do scoláirí measúnú a dhéanamh ar na torthaí ar an tástáil roghnachais phéirithe agus roinnt tátal a bhaint astu. Ba chóir anailís a dhéanamh ar na cúinsí a fuarthas a bheadh ionchur acu ar thorthaí na tástála.*

*Aguisín 1*

# Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon **cheithre** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia.
   **Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc**, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. **Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach **beagán scileanna próiseála** – marc *pro rata*.

7. **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, e.g.
   - Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 2*
   - ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3 agus 4*
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

   ***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. **Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

Leathanach Bán

Leathanach Bán